

Faisnéis d'úinéirí feithiclí atá saor ó dhliteanas dola

Feithiclí atá saor ó dhliteanas dola

I gcomhréir le fomhíreanna 1 agus 2 d'Airteagal 1 den Acht lena rialaítear bailiú dolaí míleáiste ar mhórbhóithre feidearálacha (Bundesfernstraßenmautgesetz, BFStrMG), ní gá dola a íoc i gcás na bhfeithiclí ná na gcónasc feithiclí seo a leanas.

Tá na feithiclí seo a leanas atá saor ó dhliteanas dola sa chatagóir sin:

- mótarbhusanna,
- feithiclí de chuid na bhfórsaí armtha,
- feithiclí de chuid na bPóilíní
- feithiclí na n-údarás cosanta sibhialta,
- feithiclí arna n-úsáid ag eagraíochtaí neamhthráchtála nó carthanachta chun cúnaimh daonchairdiúil a iompar ar mhaithe le fóirithint éigeandála
- feithiclí de chuid na briogáide dóiteán,
- feithiclí seirbhíse éigeandála eile,
- feithiclí de chuid rialtas na Gearmáine,
- feithiclí a úsáidtear do chothabháil agus d'obair bóthair amháin, lena n-áirítear glanadh sráide agus seirbhíse geimhridh
- feithiclí a úsáidtear do chríocha sorcais agus aonaigh amháin
- feithiclí talmhaíochta nó foraoiseachta ag a bhfuil luas uasta 40 km/h, atá in úsáid de ghnóthaí talmhaíochta agus foraoiseachta nó de chonraitheoirí comhfhreagracha chun táirgí nó earraí talmhaíochta agus foraoiseachta a iompar,
- feithiclí leictreacha de réir an Acht ar an tSoghluasteacht Leictreacha (EmoG), alt 2, fo-alt 1,
- feithiclí a oibríonn ar ghás nádúrtha (CNG nó LNG), tráth nach déanaí ná 31/12/2023 (níl aon LPG i gceist)

Tá feithiclí nach bhfuil beartaithe do thrácht earraí ná a úsáidtear dó saor ó dhola.

I gcás na bhfeithiclí atá saoraithe ó dhola ní mór é a bheith soiléir go bhfuil feithiclí mótar beartaithe don gcuspóir áirithe lena mbaineann. Tá busanna, feithiclí i gcomhair iompar earraí cabhrach daonnúla, feithiclí talmhaíochta ag a bhfuil luas uasta 40 km/h, feithiclí leictreacha agus feithiclí a oibríonn ar ghás nádúrtha tógtha eisceithe.

Clárú

Aithníonn an córas dola mótarbhusanna agus feithiclí de chuid na bhfórsaí armtha ar bhonn uathoibríoch. Féadfaidh úinéirí feithiclí eile atá saor ó dhliteanas dola na feithiclí sin a chlárú le Toll Collect chun stadanna agus seiceálacha neamhriachtanacha agus éileamh cúigbhálach íocaíochtaí a sheachaint.

Tá sé ina cheanglas don chlárú go gcomhlíonfaidh an fheithicil na coinníollacha díolúine ar feadh iomlán na tréimhse cláraithe atá roghnaithe. Is é úinéir na feithicil ábhartha amháin ar féidir leis iarratas a dhéanamh ar chlárú. I gcás feithicil a úsáidtear chun cúnaimh daonchairdiúil a iompar, áfach, féadfar feithiclí tríú páirtithe a chlárú má fhaightear cead ó úinéir na feithicil. Ní féidir leantóir mótarfeithicil a chlárú go leithleach.

Níl aon dualgas ort clárú a dhéanamh. Tá an díolúine ón dola infheidhme maidir leis na feithiclí incháilithe, beag beann ar chlárú. Is áis bhreise arna soláthar ag Toll Collect an rogha clárú a dhéanamh agus is ar bhonn deonach a dhéantar an clárú sin.

Tá an clárú bunaithe ar phrionsabal an fhéinfhógartha, is é sin le rá go bhfuil an t-iarratasóir

- freagrach as cruinneas iarbhair agus dlíthiúil na sonraí a thugann sé/sí, agus
- go bhfuil dualgas air/uirthi Toll Collect a chur ar an eolas láithreach má thagann aon athrú ar na sonraí a thugann sé/sí le fios.

Ní ghabhann aon aitheantas dlíthiúil ó Toll Collect nó ón Oifig Chónaidhme d'Iompar Earraí (BAG) le bheith saortha ó dhliteanas dola nó le saoradh ó dhliteanas dola le clárú feithicil.

Beidh an clárú bailí ar feadh dhá bhliain ar a mhéad agus féadfar síneadh a chur leis ina dhiaidh sin. Rachaidh aon chlárú nach sínefar roimh an spriocdháta in éag go huathoibríoch.

Foirmeacha iarratais

Tá trí fhoirm iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin Toll Collect. Leis na foirmeacha seo is féidir iarratas a chur ar

chlárú,
shíneadh ama le clárú,
Díchlárú
feithiclí atá saor ó dhliteanas dola.

Líon isteach an fhoirm lena mbaineann ina hiomláine. Seol na teimpléid agus iad comhlánaithe agus sínithe agat mar aon le fótachóipeanna de gach deimhniú clárúcháin feithicil Cuid I) agus an fhianaisea chuí chuig Toll Collect, le do thoil.

Baintear úsáid as nós imeachta simplithe chun clárú a shíneadh. Más rud é nár tháinig athrú ar na sonraí a tugadh sna doiciméid feithiclí ó cláraíodh na feithiclí den chéad uair, ní gá cóipeanna de na doiciméid sin a sheoladh isteach arís.

Seol na doiciméid go léir agus iad sínithe agat trí ríomhphost chuig: Mautbefreiung@toll-collect.de. Jarraimid ort gan níos mó ná 5 MB a cheangal leis an r-phost. De rogha air sin, is féidir leat na doiciméid a sheoladh tríd an bpost chuig Toll Collect GmbH, Kontrollcenter, Postfach 11 03 29, 10833 Berlin, an Ghearmáin, nó iad a sheoladh mar fhacs chuig an uimhir seo: +49 30 74077 7332.